



Béascna 7 (2011): 163-168

Mám ón nGort

Gheofar, anseo thíos, blaiseadh eile den obair atá idir lámha le blianta beaga anuas i Roinn an Bhéaloidis, COC, mar chuid den tionscnamh taighde *AN LÉANN DÚCHAIS LEICTREONACH* (LDL). Ón mbliain 2008 amach is é ‘Béaloideas na mBan’ an téama atá á chíoradh agus san alt seo a leanas cuireann Treasa Ní Éalaithe, iar-Chúntóir Taighde de chuid na Roinne, blúire den seanchas saibhir a bhailigh sí i gceantar na nDéise faoi bhráid léitheoirí *BÉASCNA*.

Eagarthóirí *BÉASCNA*, 2011

Seanchas na mBan ó Rinn Ó gCuanach

Seo a leanas blúire beag as dhá agallamh a cuireadh ar Neans Ní Réagáin, Bean Uí Bhraonáin, as Rinn Ó gCuanach, Co. Phort Láirge ina ndéantar cur síos ar éadaí na mban i gceantar na Rinne sa tseanaimsir. Tá cónaí ar Neans sa tSeanchill, insan tigh inar rugadh agus tógadh í i dtríochaidí an chéid seo caite, áit ar mhair ceithre ghlúin dá muintir roimpi. Le linn a hóige, bhuaigh Neans scoláireacht go dtí meánscoil lánGhaelach i gCarraig na Siúire, agus ar aghaidh go Coláiste Cnoc Síon, mar ar cáilíodh ina múinteoir le hEacnamaíocht Bhaile í. Thug sí seal ag múineadh i gCill Mhantáin agus tamall eile i mBaile Átha Cliath sarar dhein cigire sa Roinn Oideachais di. Chuir sí suim riamh sa drámaíocht, sa bhfilíocht agus sa Ghaeilge agus is minic fós í le clos ag glacadh páirte i ndíospóireachtaí ar Raidió na Gaeltachta. Seo mar a labhair sí liom ina tigh féin, sa tSeanchill, Rinn Ó gCuanach, ar 5 Eanáir agus arís ar 11 Meitheamh 2009.

Treasa: Agus abair liom anois, cén sort caidrimh a bhí ag na mná le chéile, ag réiteach nó ag achrann?

Neans: Bhuel, bhídís ag réiteach agus ag achrann, is dócha. N’fhaca mise aon achrann ró-mhór idir éinne [...] bhuel dheireadh mo mháthair ... ní cuimhin liomsa anois daoine a bheith ag argóint, ná ag achrann ná aon rud mar sin, ach sa seansaol bhíodh ana-argóintí





idir na mná. Bhuel, tá's agat ... caithfidh tú a thuiscint, a Threasa, go raibh na tithe ansan, síos lár a bhaile [Baile na nGall], bhíodar ana-chóngarach dona chéile. Bhí ... tóin tuí, ceann tuí, 'dtuigeann tú? Agus ar dhá thaobh an tsrutha ag dul síos an bóthar. Agus ... ag gach aon tigh bhí carn aoiligh lasmuigh den doras acu, mar bhí bothán acu don asal, áit a gcuiridís, b'fhéidir, na cearca is na lachain agus pé rud eile a bhí acu. Agus bhí gach aon rud roinnte amach. Agus an uair sin, scaoilí amach na héanlaithe san i rith an lae. Théadh na cearca agamsa isteach id' chuidse – isteach i gcuid na gcomharsan - ag scríobadh is ag scrios agus ag góilt ... ag scríobadh, b'fhéidir, ar an gcarn aoiligh. Agus bhí an carn aoiligh ana-thábhachtach an uair sin, tá's agat, mar leasú don talamh, agus bhí garraí agus paiste talún age gach éinne. Agus ansan, nuair a scaoilí amach na lachain agus an bhbardal,² théidís san síos cois trá, agus bheidís ansan thíos 'feadh an lae, gan éinne ag déanamh aon chúraim díobh, go dtí go dtagaidís aníos istoíche. Agus dheireadh mo mháthair i gcónaí go mbíodh sé ana-shuimiúil iad a fheiscint ag teacht aníos. Agus tá seanphictiúr agam sa tigh in áit éigin de sheanBhaile na nGall, agus dá bhféachfá air anois le ... gloine mhéadaithe, chíféá thíos age bun an bhaile líne lachan ag teacht aníos ón ... ón dtráigh. An bhbardal chun cinn, na lachain agus an lacha ag teacht aníos agus dh'iontaidís go léir isteach ina gcuid fhéin.

T: Ní dhéanfaidís botún?

N: Bhuel, de ghnáth ní dhéanfaidís. Ach [Neans ag gáire] b'fhéidir go dtugtaí cuireadh dhóibh teacht isteach in áiteanna eile, 'dtuigeann tú? Agus 'á raghaidís amú, nó 'á raghaidís chugatsa seachas chugamsa, bheidís ag éalú agus bheadh raic ansan acu. Agus sa phictiúr céanna gheofá sicíní a fheiscint amuigh i lár an bhóthair ag piocadh. Agus ... shíl mise go raibh an pictiúir sin ana-shuimiúil agus thuig mé ansan conas mar a bhí acu i mBaile na nGall an uair sin. Ach bhíodh easaontas, b'fhéidir, beag ansan. Agus, ar ndóigh, 'siad na mná a raghadh ag argóint mar gheall air: 'Cad é an scrios a dhein do chuidse ar mo chuidse!' agus mar sin de. Ach bhí baint aige go léir ... mar go rabhadar go mór ag brath ar an gcarn aoiligh. Bhíodh na mná san ana-ghleithearánach. Bhídís san ag déanamh obair an tí, 'tabhairt aireachas do pháistí; bhíodar ag déanamh na hoibre ar fad amuigh sa ngarraí; bhíodar thíos ar an dtráigh ag baint





agus ag gearradh agus ag tarraingt trioscair, [len]a thabhairt aníos chun aoil agus leasú a dhéanamh don talamh, an dtuigeann tú? Agus deirtí i gcónaí gurb iad na trí chúramaí – bhíodh mo mháthair a rá – a bhí ar mhná na Rinne ná ‘prátaí, páistí agus trioscar’ [...] Ach bhí tú ag caint ar na mná a bheith ag argóint?

T: Sea?

N: Bhí bean amháin thíos i mBaile na nGall go raibh ana-cháil uirthi agus bhíodh sí ag argóint go mór leis na comharsain agus bhí ... bhí cáil uirthi. Agus bhí an bhean so ag caint léi lá amháin agus bhí sí ag gearán léi cad a bhain di, go raibh sí tar éis argóint a bheith aici le duine éigin eile. Agus arsa an bhean seo léithi, Máire Ní Shíoda a bhí uirthi, agus dúirt sí ... agus dúirt Máire léi: ‘Agus cad a dhein tú?’ Agus arsa sí: ‘Mhuise, ar ndóigh, cad a bhí le déanamh agam mara ndéanfainn ‘Máire Ní Shíoda’ dhíom fhéin?’ Agus ag caint le Máire Ní Shíoda a bhí sí! Bhuel, is ar éigin a dh’éirigh léi dul isteach abhaile, mar gur tháinig ropaire mór de chloch ina diaidh, nuair a bhí sí istigh thar an leathdoras, agus ’á mbuaileadh sé í! Ach bhí cáil ar Mháire, mar nuair a thagadh an conach ceart uirthi agus nuair ná beadh ag éirí léithi san argóint, tharraingíodh sí aníos a héadaí agus dhéanfadh sí ... dá phluc a budúin a bhualadh lena chéile le drochmheas ar an duine, mara mbeadh ag éirí léi san argóint. Ach bhaineadh daoine ana-ghreann aisti, de réir dealraimh. Dheinidís. Ach thairis sin, ní cuimhin liom daoine a bheith ag achrann go mór, mar dhéarfadh mo sheanmháthair i gcónaí: ‘Muisse, na daoine breátha macánta bhí ann fadó’ nuair a bhíodh sí ag cuimhneamh siar ar na daoine go léir. Ach, caithfidh mise a rá, ón méid a chonaic mise riamh, go rabhadar go léir ana-mhór lena chéile ...

T: Agus abair liom, cad iad na héadaí a chaitheadar?

N: Bhuel, ar ndóigh, bhídís ana-ghalánta don Domhnach. Bhí buataisí (daoine go raibh an t-ádh leo go raibh a leithéid acu), buataisí arda orthu, agus bhí’n leathar ana-bhog iontu, stocaí fada ar ndóigh, agus bhí éide ar leith don Domhnach. Mar, ar ndóigh, an bunús a bhí le gach aon rud ná a bheith cluthair agus a bheith compordúil. Bhí na héadaí fada orthu agus bhíodh na brístí a bhíodh orthu ... *Bloomers* agus bhídís ag teacht anuas [*sic*] go dtís na glúine, agus do bhí stocaí breá’ fada ag góilt suas thórsta, cniotáilte a bhformhór. Agus ansan bhí *petticoataí* flainín dearg orthu. Bhí an





flainín dearg ana-thábhachtach chun an teas a choimeád ins na duáin, ins an droim agus gach aon phioc díobh. Lasmuigh de sin bhí sciortaí dubha, de ghnáth, a bheadh déanta d'ábhar garbh go leor, mar a bheadh ... báinín ann. Agus lasmuigh de sin bheadh aprún síoda. Bhíodh na blúsanna go hálainn ar fad. Mar ... bhíodh veist ar ndóigh laistigh de, agus cnaipí ann, is é in aon phíosa amháin, b'fhéidir, nó ana-fhada, agus bhíodh muinearcaillí orthu. Bhíodh an blús a bhí lasmuigh déanta de shíoda agus do bhíodh filltíní álainne, ana-dheas' orthu agus cnaipí beaga bídeacha á ndúnadh. Agus ansan do bhíodh seáilín, seáilín droim acu, ceann gairid a bhíodh ana-bhog, bhíodh sé chomh bog le *cashmere* anois, bhí sé ana-bhog. Agus bhí an seál mór ansan acu, agus bhí sé sin ana-bhog chomh maith. B'shin an ceann Domhnaigh, 'dтуigeann tú? Ach chlúdódh sé sin ... [ar an] gceann anuas agus trasna agus mar sin de.

T: Agus an raibh ceann eile acu?

N: Bhí gnáthcheann acu don ... i rith na seachtaine, bheadh sé níos gairbhe, níos praiticiúla ar fad ...¹

* * *

T: Bhí tú ag rá liom mar gheall ar do sheanmháthair, go raibh rísíní i bpóca amháin agus milseáin sa phóca eile. Cén saghas baill éadaigh a bhíodh uirthi. An cuimhin leat in aon chor?

N: Ó is cuimhin liom go maith. Mar a bhíodh ar na mná ar fad an uair sin. Caithfidh tú 'cuimhneamh ... tá mise ag dul thar n-ais anois go dtís na tríochaidí, agus san uair sin bhíodh ... éide speisialta acu i gcónaí don Domhnach. Agus bhíodh blúsanna de shíoda dubh, dubh a chaithidís, dubh ar fad.

T: Ba chuma ar bhaintrigh iad nó nár bh ea?

N: Ó ba chuma, ba chuma. Bhuel ... baintrigh ba ea an bheirt acu seo ceart go leor, ach ... sin é an nós a bhí ann ages na seandaoine. Blús síoda dubh a mbíodh pléataí, mion-phléataí beaga iontu, agus bhíodar go hálainn, agus cnaipí beaga bídeacha snasta á ndúnadh. Agus dheinidís fhéin iad so, nó á mb'acmhainn dóibh (agus níorbh acmhainn mar bhí na daoine bocht ag an am) b'fhéidir go ndéanfaidís ... go gcuirtí á ndéanamh iad in áit éigin. Agus ansan bhí ... ó mar a dheinidís, na cótaí a bhíodh orthu ... ghlaoidís cótaí ar gach





aon rud, agus ‘íochtar’ ar aon rud a bhí faoi bhun an sciorta, agus ‘uachtar’ a bhíodh ar an sciorta. Ach bhíodh ... an t-íochtar déanta de flainín dearg, lámhdhéanta, *petticoats* móra, cótaí síos go dtí na rúitíní. Agus don Domhnach bhí éide ana-dheas acu den chuid is fearr. Agus choimeádaí é sin don Domhnach. Agus bhíodh seál ar leith acu, seál ana-bhog ar fad, ceann mór, agus bheadh ana-thábhacht ag góilt leis an seál so.

T: Sin seál an Domhnaigh, an ea?

N: Seál an Domhnaigh! Agus seál ... seála dubha, is cuimhin liomsa ... is cuimhin liom ceann nó dhó a bhí daite anseo sa Rinn, nuair a bhí mé im’ pháiste. Ach dubh ... agus bhídís ana-bhog. Agus bhíodh seáilín ar leith ansan le cur ar a’ gceann, nó ar an ngualainn, seáilín gualainne. Ach i rith na seachtaine bhí an éide ní ba ghairbhe. Bheadh an flainín lámhdhéanta agus ... bhíodh bróga álainne bog’ orthu don Domhnach. Agus bhíodar ard, a’ dtuigeann tú, agus thagaidís aníos leathshlí, agus bhí leathar ana-bhog iontu, ach bhídís ... ó bhí éide an Domhnaigh ana-thábhachtach. Agus ansan bhí éide laethúil ní ba ghairbhe, agus bhíodh íochtar orthu déanta de bháinín dorcha dubh agus pléataí ann agus bhíodh sé mór leathan agus ... bheadh an íochtar [*sic*] de flainín dearg ar ndóigh acu, agus stocaí lámhchniotáilte agus iad go breá fada. Is cuimhin liom gur thosnaigh mé ar phéire stocaí a chniotáil dom sheanmháthair agus thóg sé geimhreadh ar fad orm aon stoca amháin a chniotáil bhí sé chomh fada san, agus chaith mo mháthair teacht i gcabhair orm i ndeireadh na dála, nó bheadh an bhean bhocht cailte ag an bhfuacht ag fuireach leothu ach mar sin a bhí agus ... bhíodh seáilíní ansan a bhíodh, b’fhéidir, cróiseáilte, nó cniotáilte acu dos na gualainní. Agus bhíodh a leithéid acu a’ dul ’dtín Stór, agus chaithidís aprún dubh síoda chomh maith, lasmuigh de gach ao’ rud, mar is cuimhin liom nuair a théidís go dtí An Stór, sin an Comharchumann a bhí anseo thíos, i gCnocán an Phaoraigh, taobh le Baile na nGall, agus théidís ann chun arán agus im agus subh agus siúcra agus rudaí mar sin a fháilt, agus mara mbeadh ao’ mhála acu, is isteach san aprún a chuirte na teachtaireachtaí chun iad a bhailiú leo agus iad a thabhairt ... iad a thabhairt abhaile mar sin.

T: Á, go breá ar fad. Agus cad mar gheall ar fho-éadach? Cén saghas fo-éadaigh a chaithidís?





N: Ó bhídís san cluthair! Cluthair! Bhíodh veisteanna acu, agus bhídís ... rud beag cosúil leis na veisteanna a bhíodh ar na fearaibh, ach ní bheidís ... bheidís níos míne. Gheobhadh muinearcaillí fada a bheith orthu agus cnaipí beaga á ndúnadh anseo chun tosaigh, agus ar m'anam go raibh teas iontu. Bhíodar cluth[air] ... chaitheadar teas a bheith iontu mar ní raibh aon teas insna tithe, ar ndóigh.³

Nótaí

¹ Sliocht as agallamh dar dáta 5 Eanáir 2009.

² Maidir leis an bhfoirm seo den bhfocal i gcanúint na nDéise, feic Micheál Ó Síocháin, *Sean-chaint na nDéise: The Idiom of Living Irish* (Baile Átha Cliath: Institiúid Ardléinn Bhaile Átha Cliath), 54.

³ Sliocht as agallamh dar dáta 11 Meitheamh 2009.

